

An Ghaeilge san Eoraip

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar thuirisc faoin tseirbhís Ghaeilge atá ar fáil i bParlaimint na hEorpa. An dtuigeann tú na focail seo a bheidh sa tuairisc?

seirbhísí aistriúcháin & ateangaireachta	lánseisiúin
Feisirí	coistí
bunús cultúrtha & airgeadais	iarratas

Ceist 2

Anois féach ar an tuairisc agus freagair na ceistanna thíos:

1. Cé mhéad Feisire atá ag Éirinn san Eoraip?
2. Cé mhéad de na Feisirí a úsáideann na seirbhísí Gaeilge?
3. Ceangal na cúiseanna leis na daoine nach labhraíonn Gaeilge sna lánseisiúin sa bhosca thíos:

An duine	An chúis
Maireád McGuinness	Níl caighdeán ard go leor ag an duine seo ach iarann sé ar a oifig cuidiú leis
Proinsias de Rossa	Níl an líofacht aige ceistanna deacra a phlé.
Gay Mitchell	Níl go leor Gaeilge ag an duine seo le labhairt sa Pharlaimint.

4. Cé hé an Feisire a bhaineann úsáid as an Ghaeilge den chuid is mó? Cé mhéad uair a d'úsáid sé í le bliain anuas?
5. An gceapann Proinsias de Rossa gur cheart an tseirbhís a bheith ann? Cén fáth?

Ceist 3

'...ceistanna a ullmhú...'

An féidir leat na habairtí seo a chríochnú? Beidh ort an focal idir lúbíní a athrú.

1. D'éirigh le Síle an aiste a _____ roimh am dinnéir. (scríobh)
2. D'iarr an múinteoir ar an dalta an fhuinneog a _____ mar bhí an seomra róthe. (oscail)
3. Caithfidh an bhean bhocht an teach a _____ gach tráthnóna. (glan)
4. Ní raibh mé in ann na ceistanna a _____ mar ní dharna mé mo chuid obair bhaile. (freagair)

5. Chuaigh mo mháthair go dtí an siopa le glasraí a _____ don dinnéar. (ceannaigh)
6. Bhí áthas ar Phól an scannán a _____ ar deireadh thiar thall. (feic)

Ceist 4

Féach ar an mhír arís agus breac síos na focail ar fad a chloiseann tú a bhaineann le hAontas na hEorpa.

Ceist 5

An dtuigeann tú na focail seo anois? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú.

- seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta
- lánseisiúin
- Feisirí
- coistí
- bunús cultúrtha
- iarratas

Ceist 6

Pléigh na ceistanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil sé tábhachtach an Ghaeilge a bheith á húsáid i bParlaimint na hEorpa, dar leat? Cén fáth?

Cad atá ar eolas agat faoi obair an ateangaire?

Ar mhaith leat féin post mar aistritheoir nó mar ateangaire san Aontas Eorpach? Cén fáth?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta – *translation and interpretation services*

lánseisiúin – *plenary sessions*

Feisirí – *Members of Parliament*

coistí - *committees*

bunús cultúrtha agus airgeadais - *cultural agus financial basis*

iarratas – *application*

Ceist 2

1. Dhá Fheisire dhéag.
2. Baineann leath de na Feisirí seo úsáid as na seirbhísí Gaeilge.
- 3.

An duine	An chúis
Maireád McGuinness	Níl go leor Gaeilge ag an duine seo le labhairt sa Pharlaimint
Proinsias de Rossa	Níl an líofacht aige ceisteanna deacra a phlé
Gay Mitchell	Níl caighdeán ard go leor ag an duine seo ach iarann sé ar a oifig cuidiú leis

4. Is é Liam Aylward is mó a bhain úsáid as an tseirbhís aistriúcháin sa Pharlaimint ó lár dhá mhíle is a naoi. Bhain sé úsáid as an nGaeilge tríocha is a naoi uair.
5. Dúirt Proinsias de Rossa nach bhfuil aon bhunús cultúrtha nó airgeadais le leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís seo do na coistí uilig sa Pharlaimint. Tá sé den tuairim go mbeadh sé i bhfad níos fearr an t-airgead don Ghaeilge a úsáid anseo in Éirinn.

Ceist 3

1. D'éirigh le Síle an aiste a **scríobh** roimh am dinnéir.
2. D'iarr an múinteoir ar an dalta an fhuinneog a **oscailt** mar bhí an seomra róthe.
3. Caithfidh an bhean bhocht an teach a **ghlanadh** gach tráthnóna.
4. Ní raibh mé in ann na ceisteanna a **fhreagairt** mar ní dhearna mé mo chuid obair bhaile.
5. Chuaigh mo mháthair go dtí an siopa le glasraí a **cheannach** don dinnéir.
6. Bhí áthas ar Phól an scannán a **fhiceáil** ar deireadh thiar thall.

Ceist 4

Feisirí Eorpacha
Parlaimint na hEorpa
An tAontas Eorpach
Lánseisiúin
Clár na Parlaiminte
Coistí sa Pharlaimint
Rialtas na hÉireann

Ceist 5

Iarr orthu na focail a chur in abairtí.

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Éimear Ní Chonaola

Anois, cé hiad na Feisirí Eorpacha as an tír seo a bhíonn ag baint úsáide as na seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta Gaeilge atá ar fáil dóibh ag seisiúin i bParlaimint na hEorpa? Rinne Nuacht TG4 an scéal a fhiosrú agus frítheadh amach nár bhain ach leath de na Feisirí úsáid as na seirbhísí ateangaireachta ó lár dhá mhíle is a naoi go deireadh na míosa seo caite.

Áine Lally

Go raibh maith agat a Eimear. Dhá Fheisire dhéagⁱ atá ag Éirinn san Aontas Eorpach. Níor úsáid ach leath de na Feisirí sin na seirbhísí ateangaireachta Gaeilge ag na lánseisiúin i bParlaimint na hEorpa le os cionn bliana anuas. De réir an eolais atá ar fáil ó na lánseisiúin sa bParlaimint, ní raibh an tseirbhís ateangaireachta á húsáid ag na Feisirí seo. Seo ó cuireadh tús leis an tréimhse nua i lár na bliana seo caite. I ráiteas ó Mhairéad McGuinness dúirt sí nach bhfuil a dóthain Gaeilge aici len í a labhairt sa bParlaimint. Dúirt Proinsias de Rossa nach mbíonn ach nóiméad aige le labhairt de ghnáth, agus níl an líofacht aige chun labhairt go cruinn i nGaeilge ar cheisteanna casta a bhíonn ar chlár na Parlaiminte. Dúirt Gay Mitchell nach bhfuil caighdeán ard Gaeilge aige agus go bhfuil iarrtha aige ar a oifig ceisteanna a ullmhú i nGaeilge le gur féidir leis iad a úsáid ag na lánseisiúin. Ba ábhar díomáchⁱⁱ do Jim Higgins, a deir sé, nach bhfuil níos mó Gaeilge le cloisteáil sa bParlaimint faoi láthair ach go dtuigeann sé nach bhfuil Gaeilge ag chuile Fheisire ón tír seo.

D'úsáid na Feisirí seo a leanas leibhéalⁱⁱⁱ éagsúla de na seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta i nGaeilge sa bParlaimint le os cionn bliana. Gaeilge labhartha agus/nó scríofa atá i gceist. Is é Liam Aylward is mó a bhain úsáid as an tseirbhís aistriúcháin Gaeilge sa bParlaimint ó lár dhá mhíle is a naoi. Bhain sé úsáid as an nGaeilge tríocha is a naoi uair. Bhain na Feisirí eile úsáid as na seirbhísí an méid seo uaireanta ag na lánseisiúin. Níl an tseirbhís aistriúcháin Gaeilge ar fáil ag leibhéal na gcoistí san Aontas Eorpach faoi láthair. An bhfuil gá go leanfaidh leis an tseirbhís? Dúirt Proinsias de Rossa nach bhfuil aon bhunús cultúrtha nó airgeadais leis an tseirbhís a leanúint^{iv} chun coistí uilig sa bParlaimint. Tá sé den tuairim go mbeadh sé i bhfad níos fearr an t-airgead don Ghaeilge a úsáid anseo in Éirinn. Is ar Rialtas na hÉireann a bheadh sé iarratas a dhéanamh chuig an Aontas Eorpach dá dteastódh uatha an tseirbhís Ghaeilge a leanúint. Ar ais agatsa, a Eimear.

Baineann na focail a bhfuil líne fúthu le canúint Chonnacht: **fuarthas, sa Pharlaimint agus le hí atá ceart ó thaobh an chaighdeáin de.*

ⁱ *déag* a deirtear

ⁱⁱ *ábhar dhíomách* a deirtear

ⁱⁱⁱ *leibhealacha* a deirtear

^{iv} *leanadh* a deirtear